



**Imlitir 12/96**

**Nóta: Athchlódh an leagan leictreonach seo ón leagan bunaidh i Samhain 2005.**

## **IMLITIR CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS PRÍOMHOIDÍ SCOILEANNA NÁISIÚNTA**

### **LEASÚ AR IMLITIR 18/79 MAIDIR LE DÍOLÚINE Ó FHOGHLAIM NA GAELIGE**

1. Ceann de bhunphrionsabail churaclam na bunscoile é aitheantas cuí a thabhairt don éagsúlacht ó thaobh cumais, spéiseanna agus tosca a bhíonn i measc na ndaltaí. Dá réir sin tá clár na bunscoile sa Ghaeilge leagtha amach chun freastal ar riachtanais fhoghlama raon daltaí a bhfuil éagsúlachtaí móra eatarthu. Cleachtar modhanna spreagúla teagaisc a bhíonn bunaithe ar an ngníomhaíocht agus is ar an gcaint agus ar an gcaidreamh a bhíonn an bhéim go príomha. Mar sin, ní ceart go dtiocfadh díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge i gceist ach go hannamh agus i gcásanna eisceachtúla.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar na tosca inar féidir díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge a dheonadh ar dhalta i scoil náisiúnta tá Imlitir 18/79 Leasaithe ag an Aire Oideachais. Is é seo thíos an leagan leasaithe:

Is féidir díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge a dheonadh ar dhalta i scoil náisiúnta i gceann ar bith de na cásanna seo:-

- (a) Dalta a fuair a b(h)unoideachas go dtí aois 11 bhliain i dTuaisceart na hÉireann nó taobh amuigh d'Éirinn agus a raibh cónaí ar bhonn buan i dTuaisceart na hÉireann nó lasmuigh d'Éirinn ar an dtuismitheoir nó ar an gcaomhnóir ar a raibh caomhnú an dalta i rith thréimhse oideachais an dalta suas go dtí an aois sin;
- (b) Dalta a bhí cláraithe mar dhalta aitheanta i scoil náisiúnta cheana agus atá á c(h)lárú anois tar eis dó/di thréimhse a chaitheamh thar lear, ar choinníoll go bhfuil trí bliana ar a laghad imithe ón gclárú deireanach sa Stát agus go bhfuil an dalta 11 bhliain d'aois ar a laghad ag an athchlárú;
- (c) Dalta
  - (i) a fheidhmíonn go hintleachtúil ar mheánleibhéal nó ag leibhéal níos airde ná sin ach a bhfuil Sainmháchain Fhoghlama air/uirthi atá ar chéim chomh trom sin go dteipeann air/uirthi leibhéal a mbeadh súil leo a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga, nó

- (ii) ar measadh máchail ghinearálta fhoghlama a bheith air/uirthi de thoradh tromlagú intleachtúil (is é sin bac meabhrach) agus a bhfuil ag teip air/uirthi chomh maith, leibhéil oiriúnacha a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga, nó
- (iii) ar measadh máchail ghinearálta a bheith air/uirthi de thoradh tromlagú chéadfaigh, agus a bhfuil ag teip air/uirthi, chomh maith, leibhéil oiriúnacha a bhaint amach i mbunscileanna teanga sa mháthairtheanga.

*Ní foláir go soláthróidh síceolaí cáilithe fianaise ar mháchail dá leithéidí sin thuas agus, i gcás (iii), go dtacóidh tuairisc ó speisialtóir oiriúnach leighis leis an bhfianaise. Lena chois sin, caithfidh an scoil tuairisc iomlán a sholáthar ar an dalta.*

- (d) Dalta ón iasacht nach bhfuil tuiscint ar bith aige/aici ar an mBéarla nuair a chláraítear é/í. Sa chás sin, ní bheidh ar an dalta staidéar a dhéanamh ach ar cheann amháin den dá theanga, Gaeilge nó Béarla;
- (e) Dalta ar eachtrannach atá in Éirinn mar oifigeach taidhleoireachta nó consulach duine dá t(h)uismitheoirí;
- (f) Dalta ón iasacht a bhfuil an tAire sásta go bhfuil sé/sí sa tír seo mar dhéanaí polaitiúil.

*Is ceadmhach do dhalta as ceann de na haicmí thuas fanacht sa rang le linn an cheachta Gaeilge chun deis a bheith aige/aici eolas a chur ar Ghaeilge labhartha agus páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht fhoghlama. De rogha air sin is féidir socruithe cuí eile a dhéanamh cosúil le obair scoile i réimse eile den churaclam a thabhairt don dalta.*

- 2. Tiocfaidh na leasuithe seo i bhfeidhm le héifeacht ó thus na scoilbhliana 1996/97. Bainfidh sé le daltaí atá cláraithe i scoileanna náisiúnta cheana féin chomh maith le daltaí a chláróidh iontu amach anseo. Nuair a dheonfar díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge ar dhalta beidh feidhm leis an díolúine sin fad a bheidh sé/sí ag freastal ar scoil náisiúnta.

Is féidir leanúint den díolúine i scoileanna iarbhunoideachais faoi théarmaí Imlitir M10/94.

- 3. Ní chuimsíonn an téarma Sainmháchail Fhoghlama máchailí a tharlaíonn de thoradh drochfheidhmiú ghinearálta intleachtúil. Ní foláir na critéir seo a leanas a chur san áireamh nuair a bheifear ag cinntiú go bhfuil Sainmháchail Fhoghlama ann:

- feidhmiú intleachtúil measta a bheith ag meánleibhéal nó níos airde ná sin
- teip fhollasach a bheith ann na leibhéil a raibh súil leo a bhaint amach i mbunscileanna mar léitheoireacht agus scríbhneoireacht
- stair de theip dá leithéid nach mbaineann go díreach le tosca mar dhrochthinreamh, drochspreagadh nó fadhbanna maidir le caidreamh sóisialta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar aimsiú na n-aidhmeanna.

- 4. Is ceart do scoileanna na nósanna imeachta seo a leanúint:

- o Cuirfidh tuismitheoir nó caomhnóir iarratas i scríbhinn chuig údaráis na scoile. Is ceart teastas faoi aois an dalta a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, caithfear na bunúis leis an iarratas ar dhíolúine a shonrú agus, ina láthair sin, pé doiciméid is gá faoi scolaíocht an dalta go dtí sin a chur ar fáil.
- o Deimhneoidh na húdaráis scoile an fhianaise sna doiciméid.
- o I gcomhairle leis na múinteoirí lena mbaineann an scéal ullmhóidh na húdaráis scoile tuairisc iomlán ar an dalta.

- Sa chás go bhfuil díolúine á lorg faoi fho-alt 1(c) thuas, iarrfar ar an dtuismitheoir nó ar an gcaomhnóir tuairisc ó shíceolaí cáilithe agus speisialtóir oiriúnach leighis a sholáthar de réir mar is cuí.
  - Cuirfear cinneadh ar dhíolúine a dheonadh in iúl don tuismitheoir nó don gcaomhnóir trí theastas scríofa, agus é sínithe ag an bpríomhoide. Luafar sa teastas chomh maith: ainm, seoladh agus cineál na scoile; ainm agus dáta breithe an dalta; an fo-alt den Imlitir faoina bhfuil an díolúine á deonadh agus na bunúis shainiúla atá leis. Sa chás ina mbeidh an díolúine á deonadh faoi fho-alt 1(c), tabharfar de réir mar is cuí: ainm agus seoladh an tsíceolaí cháilithe mar aon le data a t(h)uairisce; ainm an speisialtóra leighis mar aon le dáta a t(h)uairisce.
  - Coimeádfaidh an scoil an t-iarratas, tuairisc na scoile, tuairisc an tsíceolaí, tuairisc an speisialtóra leighis, cóip den teastas díolúine agus doiciméid eile a bhaineann leis an gcás, agus cuirfear ar fáil iad lena n-íniúchadh ag oifigigh údaraithe na Roinne.
  - Cuirfear cóip den teastas díolúine chuig: **An Roinn Oideachas, Rannóg Riaracháin 1, Brainse an Bhunoideachais, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí** laistigh de sheachtain ó dheonadh na díolúine.
  - Cuirfear cóip den teastas díolúine chuig an scoil iarbhunoideachais chuí nuair a bheidh a t(h)rémhse bunscolaíochta críochnaithe ag an dalta.
5. Is ceart tuairisc an tsíceolaí cháilithe a bheith bunaithe ar mheasúnú iomlán síceolaíochta a rinneadh ar dháta níos lú ná dhá bhliain roimh dháta an iarratais ar dhíolúine.
- D'ullmhaigh an Roinn treoirínite maidir le hullmhú na dtuairiscí seo agus tá siadsan ar fáil do shíceolaithe.
6. Ba chóir go gcuimseodh tuairisc na scoile eolas ar aon mheasúnú a rinne múinteoir feabhais nó aon mhúinteoir eile sa scoil ar an dalta. Chomh maith, ba chóir go gcuimseodh sí: torthaí trialacha, tuairiscí ó mhúinteoirí a raibh baint acu leis an dalta, eolas faoi thinreamh an dalta, faoina d(h)úthracht i mbun staidéir, faoi aon chúnaimh feabhais nó faoi aon chúnaimh speisialta eile a tugadh dó/di. Ba chóir samplaí d'obair scríofa a rinne an dalta gan chabhair a chur leis an tuairisc chomh maith.
7. Déanfaidh an Roinn monatóireacht rialta ar fheidhmiú na himlitreach leasaithe seo. Féadfar an t-údarás tiomnaithe chun díolúine a cheadú a tharraingt siar ó scoil má léiríonn na cúinsí gur ceart é sin a dhéanamh. Déanfar athbhreithniú foirmiúil ar fheidhmiú na hImlitreach seo ag deireadh na scoilbhliana 1996/97.
8. Tá foirm teastais díolúine ag gabháil leis seo.
9. Is féidir tuilleadh eolais faoin Imlitir seo a fháil ó Rannóg Riaracháin 1, Brainse an Bhunoideachais, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí; Uimhir theileafóin: (01) 8734700, nó (0902) 74621, folínte 5159 agus 5153.

**Leasuithe ar Imlitir 18/79 faoi Dhíolúine ó Fhoghlaim na Gaeilge**

**TEASTAS DÍOLÚINE**

**Ainm na scoile:**

\_\_\_\_\_

**Seoladh:**

\_\_\_\_\_

**Uimhir Rolla:**

\_\_\_\_\_

**Ainm an dalta:** \_\_\_\_\_

**Dáta breithe:** \_\_\_\_\_

**Ainm agus seoladh an tsíceolaí:**

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Dáta na tuairisce:** \_\_\_\_\_

**Ainm agus seoladh an speisialtóra leighis:**

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**Dáta na tuairisce:** \_\_\_\_\_

*Deimhním gur deonadh díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge i scoileanna náisiúnta ar an dalta a ainmnítear thuas faoi réir théarmaí Imlitir 12/96.*

*Is iad na bunúis leis an díolúine seo a dhéanamh:*

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

**Síniú:** \_\_\_\_\_  
Príomhoide

**Dáta:** \_\_\_\_\_